Liotúirge do Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2022

Is féidir an acmhainn seo a úsáid mar liotúirge an Bhriathair nó mar Liotúirge na hEocairiste. Is féidir an scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm más gá. Má bhíonn córas idirchumarsáide ar scoil, is féidir pobal iomlán na scoile a cheangal lena chéile, ach na daltaí a bheith ina seomraí féin ag an am céanna.

Lastar coinneal amháin i ngach seomra. Má bhíonn srian ar chanadh lena chéile, is féidir taifid a sheinm.

Amhrán Tosaigh: Críost Liom

Gníomh Aithrí

A dheartháireacha is a dheirfiúracha, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.

Ceannaire: Tusa a seoladh chun na daoine atá croíbhrúite a shlánú: A Thiarna déan trócaire.
Cách: A Thiarna déan trócaire.
Ceannaire: Tusa a tháinig chun glaoch ar na peacaigh: A Chríost déan trócaire.
Cách: A Chríost déan trócaire.
Ceannaire: Tusa atá i do shuí ar dheis an athar chun idirghuí ar ár son: A Thiarna déan trócaire.
Cách: A Thiarna déan trócaire.

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht: Leabhar Irimia (1:4–5, 17–19)
Salm: 'Beidh mé ag canadh duit' (Salm 71)

An Dara Léacht: An Chéad Litir Chuig na Corantaigh (12:31–13:13)

Comhgháir an tSoiscéil:
Alleluia, Alleluia.

v: Go dtabharfaidh Athair ár dTiarna Íosa Críost, léargas dúinn ar a ghrásta, ionas go dtuigfimid an dóchas a bhaineann lena ghlao orainn. Alleluia!

An Soiscéal:
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás (4:21–30)

Guí an Phobail

D'fhéadfaí 'Is é Dia an grá' a chanadh idir na paidreacha.

1. Go ndéanfaidh Críost teagmháil naofa leis an Eaglais, agus í a chosaint i gcónaí. Guímis chun an Tiarna.
   Cách: A Thiarna éist lenár nguí.

2. Go ndéanfaidh Críost, ár gceannairí a threorú ionas go mbeidh leas chách á gcur chun cinn acu de réir a thola. Guímis chun an Tiarna.
   Cách: A Thiarna éist lenár nguí.

3. Go gcuirfidh Críost an ruaig ar an ngalar, deireadh a chur le bochtaineacht agus sinn a chosaint ó gach aon aicíd. Guímis chun an Tiarna.
   Cách: A Thiarna éist lenár nguí.

4. Go mbeimid mar fhinnéithe ar ghrá Dé, agus fanacht i gcónaí i mbun na fírinne. Guímis chun an Tiarna.
   Cách: A Thiarna éist lenár nguí.

5. Go mbeidh do chomhbhá agus do chúram go mór ar fáil do na dearthháireacha is na deirfiúracha a fhulaingíonn de bharr COVID-19. Guímis chun an Tiarna.
   Cách: A Thiarna éist lenár nguí.

Ceannaire: A Dhia, tuigeann tusa go maith go gcaithimidne cur suas leis an ngá is an fhulaingt faoi láthair. Éist le himpí do chlann féin a ghlaonn ort, agus glac lenár nguí. Is sinne an mhuintir a chreideann ionatsa. Trí Chríost ár dTiarna. Amen.

Is féidir deireadh a chur leis an tseirbhís anseo, agus píosa oiriúnach ceoil a sheinm.

Moladh: Paidir Eocairisteach II

Moltaí don Cheol:
I Will Sing – Craig & Kristen Colson
All Shall be Well – Barbara Bridge
All Are Welcome – Marty Haugen
God Is Love – Michael Joncas
We Are God's People – Ian Callinan
In Faith, in Hope – Chris Walker
Shelter Me – Michael Joncas
Do Not Be Afraid – Philip Stopford
In Christ Alone – Townsend & Getty
God Will Wipe Away All Tears – Bernard Sexton